Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16450/23**

**RECH 543**
**COH 96**
**COMPET 1235**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Nollaig 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15118/23 |
| Ábhar: | Ról agus tionchar an taighde agus na nuálaíochta a neartú sa phróiseas ceaptha beartas san Aontas Eorpach<br>- Conclúidí ón gComhairle (arna bhformheasadh an 8 Nollaig 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le *Ról agus tionchar an taighde agus na nuálaíochta sa phróiseas ceaptha beartas san Aontas a neartú*, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3993ú cruinniú a bhí aici.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE RÓL AGUS TIONCHAR AN TAIGHDE AGUS NA NUÁLAÍOCHTA A NEARTÚ SA PHRÓISEAS CEAPTHA BEARTAS SAN AONTAS**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,**

**Á MHEABHRÚ DI:**

– sna conclúidí uaithi i mí na Nollag 2020[1] maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) nua, ina dtagraítear don ghá leas níos éifeachtaí a bhaint as acmhainneacht taighde agus nuálaíochta (T&N) don tsochaí agus don gheilleagar agus inar athdhearbhaítear an sprioc 3 % de OTI an Aontais a infheistiú sa taighde agus san fhorbairt. Chun tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe, d'fhéadfadh na Ballstáit a spriocanna náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta chun tosaíochtaí nua an Aontais agus imthosca náisiúnta a léiriú;

– na conclúidí uaithi maidir le Teicneolaíochtaí Sonraí chun feabhas a chur ar 'Rialáil Níos Fearr' ó mhí na Bealtaine 2021[2], ina gcuirtear in iúl gur bunriachtanas é próiseas cinnteoireachta láidir fianaisebhunaithe chun acmhainneacht agus rioscaí na ndúshlán atá ag teacht chun cinn a thuar agus an gá atá le hiarracht chomhchoiteann chun athléimneacht na hEorpa a fheabhsú, agus chun beartais níos fearr agus creat rialála a bheidh níos seasmhaí don todhchaí, a bheidh níos fabhraí don nuálaíocht, níos intuartha, níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtúla a chur ar fáil;

– conclúidí mhí Mheán Fómhair 2021[3] uaithi maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta – Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i ndomhan athraitheach, ina gcuirtear i bhfios go láidir gur cheart cur chuige domhanda an Aontais i leith T&N a fhorbairt ar phrionsabail na hoscailteachta, an iltaobhachais riailbhunaithe, na luachanna agus na dtosaíochtaí comhroinnte, scaipeadh eolais a éascú agus smaointe a mhalartú, agus lena gcuirtear chun suntais a thábhachtaí atá sé an Cur Chuige Domhanda i leith T&N a chomhtháthú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais;

[1] 13567/20.
[2] 9215/21, lgh. 9 agus 17.
[3] 12073/21

– conclúidí mhí na Samhna 2021[4] uaithi maidir le rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde amach anseo, ina n-aithnítear an t-aitheantas sochaíoch níos leithne agus an t-ionchas méadaithe maidir le ról T&N agus saothrú an róil sin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, chomhshaoil agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

– a Mholadh maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip ó mhí na Samhna 2021[5], ina leagtar amach na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach agus sraith chomhchoiteann luachanna agus prionsabal le haghaidh T&N san Aontas, lena n-áirítear prionsabal an chruthaithe luacha agus tionchar sochaíoch agus eacnamaíoch T&N, mar aon le sásraí feabhsaithe comhordaithe beartais agus faireacháin sa Limistéar Eorpach Taighde;

– conclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2022[6] uaithi maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Bhí bearta chun rannpháirtíocht i bhFís 2020 a leathnú deartha go maith ach beidh athrú inbhuanaithe ag brath, den chuid is mó, ar údaráis náisiúnta', ina dtugtar dá haire, *inter alia*, an moladh ón gCúirt díriú ar rannpháirtíocht níos cothroime ó thaobh geografaíochta de a bheith ag tíortha leathnaithe i mbearta leathnaithe, agus ina n-iarrtar ar an gCoimisiún freisin má thagann míchothromaíochtaí suntasacha leanúnacha chun cinn, measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le gníomhaíochtaí níos saincheaptha agus le gníomhaíochtaí líonraithe spriocdhírithe, agus a áirithiú ag an am céanna go leanfaidh leithdháileadh an chistithe de bheith bunaithe ar phrionsabal an bharr feabhais;

– moladh mhí na Nollag 2022[7] uaithi maidir le treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais, ina dtagraítear don ghá atá le struchtúir, próisis agus cleachtais a neartú maidir le torthaí taighde agus eolas eolaíoch a úsáid chun beartais phoiblí a cheapadh agus a chur chun feidhme agus chun caighdeáin a fhorbairt agus a athbhreithniú;

4 14308/21.
5 IO L 431, 2.12.2021, lgh. 1-9.
6 13426/22.
7 IO L 317, 9.12.2022, lgh. 141-148.

– na conclúidí uaithi i mí na Nollag 2022[8] maidir leis an gClár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht (NEIA), ina leagtar béim ar an ngá atá le héiceachórais nuálaíochta a fheabhsú agus a chomhdhlúthú de réir mar a leanann an Eoraip de bheith ag streachailt le héagothromaíochtaí suntasacha réigiúnacha agus náisiúnta agus le deighilt leanúnach nuálaíochta, agus ina gcuirtear i bhfios go láidir freisin go bhfuil gné láidir réigiúnach agus náisiúnta ag éiceachórais nuálaíochta ar cheart í a chur san áireamh go hiomlán agus an beartas nuálaíochta á fhorbairt;

– conclúidí uaithi maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Sineirgí idir Fís 2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa - Nach bhfuil lánacmhainneacht in úsáid fós'[9] ó mhí an Mhárta 2023, lena spreagtar sineirgí a áireamh sa phleanáil straitéiseach, sa chlársceidealú agus sa chur chun feidhme, i gcás inarb ábhartha, mar shampla i straitéisí um speisialtóireacht chliste (S3), chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na n-infheistíochtaí in earnáil T&N na hEorpa;

– na conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2022[10] maidir le measúnú Taighde agus cur chun feidhme na hEolaíochta Oscailte, ina dtugtar le fios gur cheart forbairt na gcóras measúnaithe taighde san Eoraip a threorú, *inter alia*, trí threoirphrionsabail agus 'conairí gairme éagsúla agus na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear (...) tacaíocht do cheapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise';

---

[8] 15602/22.
[9] 7258/23.
[10] 10126/22.

– Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[11] ina dtagraíonn raon feidhme na Saoráide do réimsí beartais a bhfuil ábharthacht Eorpach ag baint leo agus atá struchtúrtha i sé cholún, arb iad an t-aistriú glas iad; an claochlú digiteach; fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, poist, táirgiúlacht, iomaíochas, taighde, forbairt agus nuálaíocht, agus margadh inmheánach dea-fheidhmiúil le FBManna láidre; comhtháthú sóisialta agus críochach; sláinte, agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, a bhfuil mar aidhm leis, *inter alia*, acmhainneacht um ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus acmhainneacht freagartha géarchéime a mhéadú; agus beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus don óige, amhail an t-oideachas agus scileanna;

– sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal '*A Union of Equality*: *Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025][12], lena n-áirítear *inter alia* cuspóirí beartais a bhaineann le bearnaí inscne i margadh an tsaothair a dhúnadh, rannpháirtíocht chomhionann a bhaint amach thar earnálacha éagsúla agus cothromaíocht inscne a bhaint amach sa chinnteoireacht agus sa pholaitíocht.

**AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID A LEANAS:**

– ba cheart uaillmhian LET limistéar aonair gan teorainn a chruthú don taighde, don nuálaíocht agus don teicneolaíocht a bheith mar bhonn agus mar thaca ag beartas T&N na hEorpa agus cláir a cheapadh agus a chur chun feidhme.

– éascaíonn bearta beartais T&N, trí dhearadh iomchuí a gcuid gníomhaíochtaí, tionchar dearfach ar an tsochaí, ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol, agus rannchuidíonn siad leis an daonlathas a neartú agus le hathléimneacht an Aontais a mhéadú.

– is féidir le próisis ceaptha beartas atá bunaithe ar an eolaíocht feabhas a chur ar cháilíocht na dtionscnamh beartais in earnálacha agus riaracháin éagsúla agus comhleanúnachas na dtionscnamh sin a threisiú.

---

[11] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17-75.
[12] 6678/20.

– faoi láthair, tuarann tionscnaimh bheartais sna hearnálacha ar fad go bhfuil gá leanúnach le nuálaíocht chun forbairt eacnamaíoch, cosaint an chomhshaoil agus dul chun cinn sóisialta a chur chun cinn, rud a éilíonn éiceachórais láidre T&N. Is féidir leis na héiceachórais sin agus a ngníomhaithe rannchuidiú leis an deighilt nuálaíochta atá ann faoi láthair a laghdú ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil trí iarrachtaí leanúnacha náisiúnta agus trí threoshuíomh coiteann ó na Ballstáit.

– ceapadh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) chun cuidiú ar bhonn sealadach leis na Ballstáit geilleagair agus sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe do dhúshláin agus do dheiseanna an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Tríd an bhfreagairt ar imeachtaí timthriallacha nó imthoisceacha a neartú, cuir i gcás tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim an choróinvíris a mhaolú, i gcomhréir leis na moltaí tírshonracha ábhartha a sainaithníodh i Moltaí an tSeimeastair Eorpaigh, chuir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar chumas roinnt Ballstát infheistíochtaí agus athchóirithe a fhorbairt atá fianaisebhunaithe agus atá comhlántach le cistí agus ionstraimí náisiúnta eile agus cistí agus ionstraimí eile de chuid an Aontais.

## I. <u>**Eolaíocht i bpróiseas an bheartais phoiblí chun feabhas a chur ar shaol na saoránach agus chun an daonlathas a neartú**</u>

1. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil traidisiún seanbhunaithe ag an Aontas brath ar an eolaíocht agus ar an eolas fianaisebhunaithe is fearr atá ar fáil i ngach disciplín chun tacú leis an gcinnteoireacht agus chun feabhas a chur uirthi, chomh maith le cáilíocht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus tionchar na mbeartas poiblí (an coincheap 'Eolaíocht le haghaidh Beartais'). Bhí ceapadh, faireachán agus meastóireacht ar bheartais atá bunaithe ar fhianaise ag brath, i measc cineálacha eile eolais, ar phróisis a bhaineann le rannpháirtíocht dhíreach na bpobal eolaíochta agus/nó sásraí comhairle eolaíche d'údaráis pholaitiúla chun tacú leo agus a bhfreagrachtaí á bhfeidhmiú acu.

**An méid a chuireann an eolaíocht le ceapadh beartas poiblí a fheabhsú**

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé, chun iomaíochas an Aontais agus cur chun feidhme bheartais an Aontais a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, go mbeadh an méid seo a leanas ag LET:

   a. éiceachóras láidir T&N sna Ballstáit uile, a bheidh bunaithe ar bharr feabhais, lena n-éascófar a thuilleadh giniúint eolais eolaíoch ardcháilíochta, cur chun feidhme beartas eolaíochta oscailte chomh maith le teicneolaíochtaí agus nuálaíocht a fhorbairt, lena n-áirítear nuálaíocht shóisialta, a mbeidh ardtionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil acu;

   b. pobail eolaíochta agus nuálaíochta a bhfuil rath orthu agus daoine tréitheacha a spreagadh, idir dhaoine atá in ann rannchuidiú le dul chun cinn ár sochaithe daonlathacha agus atá tiomanta do rannchuidiú leis an dul chun cinn sin trí chuspóirí eolaíocha agus teicneolaíocha ón mbarr anuas agus ón mbun aníos a chur chun cinn, torthaí nithiúla a bhaint amach agus iad a chur in iúl do lucht déanta beartas agus don phobal i gcoitinne;

   c. cistiú méadaithe, comhordaithe, spriocdhírithe agus sineirgithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun freagairt níos fearr ar thosaíochtaí agus ar dhúshláin an Aontais agus na mBallstát;

   d. acmhainneachtaí a fhorbairt lenar féidir cur leis an mbarr feabhais agus leis an iomaíochas ar an leibhéal náisiúnta, agus lenar féidir ilroinnt agus éagothromaíochtaí T&N a laghdú, sin idir na Ballstáit agus laistigh díobh araon;

   e. cumas níos fearr chun dul i mbun comhar T&N le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus idir tíortha agus réigiúin dhomhanda agus Uathriail Straitéiseach an Aontais á shaothrú ag an am céanna chun leasanna an Aontais a chosaint ar fud an domhain agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna.

3. MEASANN SÍ gur cheart ról níos suntasaí a bheith ag gach réimse eolaíochta, lena n-áirítear na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, trí eolas fianaisebhunaithe a chur ar fáil, sa phróiseas ceaptha beartas chun dúshláin pholaitiúla a shainaithint, anailís a dhéanamh ar an úrscothacht agus réitigh a leagan síos. D'fhéadfadh na gnéithe sin a bheith mar chuid de na torthaí a áirítear i ngníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta agus i measúnuithe tionchair. MEABHRAÍONN SÍ gur cheart é sin a bhaint amach i gcomhréir leis na prionsabail maidir le Rialáil Níos Fearr lena n-aithnítear fianaise eolaíoch mar bhunchloch. Ba cheart an eolaíocht a bheith ina cuid lárnach den phróiseas chun cinntí polaitiúla a ullmhú, agus chun iad a chur chun feidhme, a mheas agus a chur in iúl. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil a áireamh i measúnuithe tionchair chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta polaitiúla chun creidiúnacht na gníomhaíochta poiblí agus muinín na saoránach aisti a mhéadú, chomh maith le breisluach na reachtaíochta.

4. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh eolas eolaíoch agus comhairle eolaíoch iontaofa, infhíoraithe, láidir, ábhartha agus trédhearcach, agus saoirse eolaíoch, sláine agus prionsabail eiticiúla á n-urramú go hiomlán, d'fhonn tacú le ceapadh beartas fianaisebhunaithe. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil eolas atá bunaithe ar eolaíocht agus fianaisebhunaithe fothaithe ar dhianchreat modheolaíochta, cé go bhfuil teorainneacha modheolaíochta ann agus go bhfuil siad faoi réir éiginnteachtaí. MOLANN SÍ cumarsáid thrédhearcach agus fhreagrach maidir le próisis eolaíocha agus scaipeadh na fianaise eolaíche a úsáidtear chun lucht ceaptha beartas a chur ar an eolas, chomh maith le rannpháirtíocht na sochaí agus próisis rannpháirtíochta na saoránach in T&N, i gcomhréir le luachanna daonlathacha. AITHNÍONN SÍ gur gá acmhainní a fhorbairt agus a leathnú maidir le comhairle eolaíoch i ndáil le beartais chun na gníomhaíochtaí laistigh de luachshocrú eolais a éascú don cheapadh beartas.

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí freisin atá an eolaíocht oscailte do lucht déanta beartas agus don tsochaí i gcoitinne chun rochtain a fháil ar eolas eolaíoch saor in aisce ar an gcáilíocht is airde agus chun an t-eolas sin a úsáid. Leis sin, feabhsaítear athléimneacht i gcoinne na bréagaisnéise, cuirtear cosc ar chur in aghaidh an eolais agus cuirtear muinín an phobail san eolaíocht agus i gceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise chun cinn.

**Rialachas sa chinnteoireacht**

6. MEABHRAÍONN SI go bhfuil sé mar aidhm le ceapadh beartas poiblí tacú le folláine na saoránach agus go mbaineann gnéithe polaitiúla, airgeadais, eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta leis, ar cheart eolas eolaíoch agus comhairle eolaíoch a bheith ina n-ionchur do lucht ceaptha beartas ina leith.

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi ar féidir leis an eolas idirdhisciplíneach fianaisebhunaithe, próisis nuálacha agus comhairle eolaíoch cur le cuspóirí beartas earnálach i ngnéithe éagsúla beartais. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi ar féidir le pobail T&N a shlógadh chun tuiscint thrasearnálach agus rialtais ar eolas eolaíoch a chur chun cinn deireadh a chur le srianta traidisiúnta na mbeartas earnálach, foghlaim trasearnálach laistigh den Aontas agus an phiarfhoghlaim a chur chun cinn i measc na mBallstát, agus comhleanúnachas, ábharthacht agus an tionchar a mheastar a bheidh ag beartais phoiblí a fheabhsú.

8. AITHNÍONN SÍ go bhfuil éagsúlacht ann ar fud na mBallstát maidir le heolas fianaisebhunaithe agus comhairle eolaíoch a úsáid, agus maidir leis na modhanna chun iad a ionchorprú i mbeartais phoiblí, ag brath ar leibhéal an rialachais, ar éiceachórais chomhairleacha beartais earnálaigh agus ar phróisis riaracháin rialáilte. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh ról a bheith ag idirghabhálaithe, mar shampla roinnt struchtúr nó sásraí comhairleoireachta eolaíche, lena n-áirítear Grúpa na bPríomhchomhairleoirí Eolaíocha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus Fóram Chomhairleoirí Eolaíochta na hEorpa, chun taighdeoirí agus lucht ceaptha beartas a thabhairt le chéile, agus go bhféadfaidh siad roghanna beartais fianaisebhunaithe a thíolacadh chun tacú le forbairt beartais.

**Gníomhaíochtaí amach anseo**

9. MOLANN SÍ don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh, i gcomhar leis na Ballstáit:

a. an coincheap 'Eolaíocht le haghaidh Beartais' a fhorbairt a thuilleadh agus ról an eolais eolaíoch agus fianaisebhunaithe agus a chomhtháthú trasearnálach i mbeartais phoiblí a chur chun cinn, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. leanúint d'fheasacht na sochaithe a ardú maidir leis an mbreisluach a bhaineann le heolas eolaíoch a ionchorprú i gceapadh, i bhforbairt agus in imscaradh beartas poiblí, agus, dá réir sin, muinín na sochaí san eolaíocht agus sa taighde a ardú mar aon le muinín as taighdeoirí i measc lucht déanta beartas;

ii. leanúint de na gníomhaíochtaí maidir le mapáil a dhéanamh ar na cleachtais atá ann cheana maidir le luachshocrú eolais i gceapadh beartas agus sna córais agus sásraí comhairleacha eolaíocha institiúideacha náisiúnta;

iii. anailís a dhéanamh ar riachtanais na n-údarás ceaptha beartas le haghaidh eolas eolaíoch agus fianaisebhunaithe chomh maith le riachtanais na dtaighdeoirí agus na nuálaithe chun tuiscint a fháil ar an bpróiseas ceaptha beartas. Is féidir freastal ar na riachtanais sin trí ghníomhaíochtaí oiliúna faoi seach lena gcumhdaítear úsáid saineolais eolaíoch agus acadúil chun meastóireacht a dhéanamh ar bheartais phoiblí, mar fhreagairt ar éilimh ar phróisis chomhairleacha eolaíochta, sásraí agus ionstraimí ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na gníomhaíochtaí sin glacadh comhairle eolaíche a chothú i bpróisis chinnteoireachta;

iv. uirlisí ábhartha a fhorbairt lena gceadófar piarfhoghlaim leanúnach, lena spreagfar malartú dea-chleachtas san eolaíocht le haghaidh beartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, agus lena gcuirfear soghluaisteacht idirearnálach agus bearta fothaithe acmhainneachta chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar na tairbhí inláimhsithe a bhaineann leo don tsochaí;

v. agus é á aithint aici go bhfuil eolaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí beartais ar cheann de na gnéithe chun acmhainneacht eolaíoch na n-institiúidí taighde agus dul chun cinn gairme na dtaighdeoirí a mheasúnú, agus ag tacú le taighdeoirí luath-ghairmréime;

vi. dreasachtaí leordhóthanacha a chur ar fáil do thaighdeoirí chun dul i mbun na heolaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí beartais a bhfuil tionchar suntasach acu;

vii. agus príomhshruthú inscne san eolaíocht le haghaidh beartais á aithint aici, lena n-áirítear trí ghairmeacha na mban san eolaíocht a chur chun cinn chun rannchuidiú le bearnaí saothair a dhúnadh; agus in ábhar taighde chomh maith chun claontacht inscne sa bhonn fianaise eolaíoch a sheachaint.

b. chun bunú éiceachórais eolaíochta le haghaidh beartais a chothú chun tacú leis na pobail eolaíochta agus ceaptha beartas san Aontas agus chun iad a nascadh ar bhonn phrionsabail agus luachanna an Chomhshocraithe maidir le T&N san Eoraip.

c. comhar líonraí de ghníomhaithe ábhartha laistigh den Aontas, malartú dea-chleachtas agus cleachtaí foghlama frithpháirtí a chur chun cinn, agus bealaí cumarsáide dhá threo a bhunú chun an t-idirphlé idir na pobail eolaíochta agus lucht ceaptha beartas poiblí a shaibhriú i réimsí beartais éagsúla, lena n-áirítear T&N; agus, dá réir sin, rannpháirtíocht na sochaí a chur chun cinn gan dochar don idirphlé beartais atá ann cheana.

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ionstraimí agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn lena gcuirtear luach ar an gcoincheap 'Eolaíocht le haghaidh Beartais', lena n-áirítear an ghné luachshocraithe eolais a ghabhann leis, chomh maith le huirlisí agus cláir a fhorbairt a thuilleadh le haghaidh na n-idirphléití idirearnálacha, oiliúna agus soghluaisteachta foirne idir institiúidí eolaíocha agus riaracháin phoiblí, agus úsáid na bhfoirne atá ann cheana a chothú. Ba cheart ról tábhachtach na foirne seo mar éascaitheoirí agus 'droichid idir struchtúir éagsúla a aithint agus tacú leis.

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún úsáid na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil agus na Saoráide Tacaíochta Beartais a chothú chun tacú le lucht ceaptha beartas poiblí agus chun struchtúir phoiblí le haghaidh comhairle eolaíoch a neartú.

## II. **<u>Ról níos láidre don nuálaíocht áitiúil agus réigiúnach chun éiceachórais T&N iomaíocha a neartú</u>**

12. MEABHRAÍONN SÍ gurb iad na rialtais náisiúnta agus réigiúnacha go príomha atá freagrach as forbairt réigiúnach, agus is féidir leis na rialtais sin leas a bhaint as cistí bheartas comhtháthaithe an Aontais agus as S3 chun idirghníomhaíocht agus comhar a mhéadú i measc gheallsealbhóirí éagsúla na n-éiceachóras nuálaíochta agus chun éagothromaíochtaí a laghdú. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ról an Aontais freisin maidir le comhar idir-réigiúnach agus malartú dea-chleachtas lasmuigh de theorainneacha náisiúnta a chur chun cinn.

13. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go leanfadh an creatchlár T&N, chomh maith le cláir chistiúcháin eile, de bharr feabhais taighde a chur chun cinn i ngach Ballstát. MEASANN SÍ, gan dochar don chaibidlíocht ar chláir T&N an Aontais a bheidh ann amach anseo, go bhfeabhsófaí iomaíochas agus feidhmíocht nuálaíochta an Aontais dá ndéanfaí comhordú níos fearr ar fud na n-éiceachóras nuálaíochta agus dá mbainfí úsáid níos éifeachtúla as na cumais agus na hacmhainní uile ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

14. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil ról láidir ann do ghníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla chun éiceachórais taighde agus nuálaíochta agus straitéisí fáis atá iomaíoch ar fud an domhain a thógáil. Trí fhothú acmhainneachta áitiúil agus trí infheistiú síolta, leagtar an bonn síos d’éiceachóras nuálaíochta Eorpach rathúil as a n-eascraíonn iomaíochas na hEorpa.

15. MEABHRAÍONN SÍ gur cheart go mbeadh LET nua bunaithe ar mhuinín agus ar fhreagrachtaí comhroinnte, le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí agus na saoránach, ag tógáil ar rannpháirtíocht shochaíoch, éagsúlacht agus láidreachtaí éiceachórais T&N na hEorpa. AITHNÍONN SÍ iarrachtaí an Choimisiúin feidhmíocht na gcóras náisiúnta agus réigiúnach T&N san Aontas a thomhas trí bhíthin an Scórchláir Eorpaigh Nuálaíochta bhliantúil agus an Scórchláir Nuálaíochta Réigiúnaí dhébhliantúil, lena léirítear, in ainneoin go bhfuil méadú tagtha ar a bhfeidhmíocht i bhformhór Bhallstáit an Aontais, go bhfuil bearna shuntasach nuálaíochta fós idir na Ballstáit sin. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil acmhainneacht mhór ann ar fud na hEorpa feidhmíocht a héiceachóras T&N a neartú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an acmhainneacht a bhaineann le comhar agus comhordú T&N níos dlúithe sa Limistéar Eorpach Taighde idir an leibhéal Eorpach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach chun an deighilt T&N ar fud an Aontais a laghdú.

16. MEABHRAÍONN SÍ go leagann NEIA béim ar an dúshlán a bhaineann leis an idirnasc idir éiceachórais nuálaíochta na hEorpa a fheabhsú. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi a gcuimsíonn an ghné réigiúnach limistéir thuaithe agus uirbeacha dá dteastaíonn níos mó solúbthachta agus cuimsitheachta in ionstraimí tacaíochta, chomh maith le dul chun cinn i gcomhordú beartais il-leibhéal idir údaráis an Aontais, údaráis náisiúnta, údaráis réigiúnacha agus údaráis áitiúla.

17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE cuspóir NEIA na héiceachórais nuálaíochta iomadúla atá scaipthe go geografach san Eoraip a chomhdhlúthú agus a nascadh, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE Gleannta Nuálaíochta Réigiúnacha agus treoirthionscadal na gComhpháirtíochtaí um Nuálaíocht Réigiúnach - tionscnaimh arb é is aidhm dóibh comhar trasteorann a éascú idir réigiúin ina bhfuil níos lú nuálaíochta agus ina bhfuil níos mó nuálaíochta a bhfuil S3 comhlántach acu.

18. AITHNÍONN sí go gcuimsítear earnálacha éagsúla leis an nuálaíocht agus go n-áirítear nuálaíocht theicneolaíoch agus shóisialta araon léi. MEASANN SÍ go bhfuil fócas NEIA ar nuálaíocht, tallanna agus fiontraíocht domhainteicneolaíochta iomchuí chun ceannaireacht theicneolaíoch, iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a chomhdhlúthú agus a fhorbairt agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé tacú le rannpháirtíocht Ballstát agus réigiún nuálach atá ag teacht chun cinn agus atá measartha nuálach i dtionscadail dhomhainteicneolaíochta, agus an comhar le Ballstáit agus réigiúin nuálacha cheannasacha agus láidre á chothú, chomh maith leis an ngá le gnóthais a nascadh le heolaíocht cheannródaíoch, chun rochtain ar chistiú a éascú agus a éascú chun tallanna a mhealladh agus a choinneáil.

**An gá le feabhas a chur ar rialachas an chomhair náisiúnta agus réigiúnaigh agus ar ailíniú na punainne beartais**

19. MEABHRAÍONN SÍ an ról atá ag beartas comhtháthaithe an Aontais agus ag S3 chun nuálaíocht agus iomaíochas a chothú i mBallstáit agus i réigiúin uile an Aontais. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí na tionscnaimh lena dtacaítear le héiceachórais T&N na hEorpa agus na tionscnaimh nua a sheoltar chun NEIA a imscaradh, go ndéanfaí iad a dhearadh chun sineirgí a chruthú le cistí an bheartais chomhtháthaithe agus le cistí T&N, agus freagrachtaí náisiúnta agus réigiúnacha agus creataí reachtacha éagsúla á gcur san áireamh ag an am céanna.

20. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi ar féidir le dlúth-chomh-mhalartú agus dlúthchomhar idir Ballstáit agus réigiúin an Aontais nach bhfuil chomh nuálach sin agus iad siúd atá an-nuálach rannchuidiú go héifeachtúil le hacmhainneachtaí T&N a fhorbairt a thuilleadh agus le héagothromaíochtaí eatarthu a laghdú. MEABHRAÍONN SÍ gur spreag an Coimisiún éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha tríd an gcreat um speisialtóireacht chliste agus MOLANN SÍ don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na dtionscnamh a rinneadh le déanaí mar shampla Scéim Nuálaíochta Réigiúnach na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus naisc a bhunú idir Tionscnaimh Shuaitheanta éagsúla NEIA.

21. TACAÍONN SÍ le Cur Chuige Domhanda an Aontais i leith Taighde agus Nuálaíochta chun comhar a chur chun cinn chun beartais idirnáisiúnta T&N a ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, chun comhar idirnáisiúnta éiceachórais nuálaíochta na hEorpa a fheabhsú, ar bhonn phrionsabail agus luachanna an Chomhshocraithe maidir le T&N san Eoraip.

22. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá na bonneagair thaighde mar cholún bunúsach d'éiceachórais T&N, lena mealltar úsáideoirí ó réimsí éagsúla eolaíochta agus lena n-éascaítear comhar, agus gur moil ildisciplíneacha anois iad ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena gcumasaítear crostoirchiú ar fud disciplíní mar a léirítear i nDearbhú Tenerife maidir le 'Gné Dhomhanda agus Inbhuanaitheacht Bonneagar Taighde'.

**Gníomhaíochtaí amach anseo**

23. ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

    a. leas a bhaint as iomaíochas éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha na hEorpa, a dtionchar ar speisialtóireachtaí cliste idir-réigiúnacha a chur chun cinn agus leas a bhaint as comhlántachtaí i gcumais T&N, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an mbearna nuálaíochta san Eoraip a dhúnadh tríd an mbonn eolaíochta agus na héiceachórais nuálaíochta a neartú ar fud thíortha agus réigiúin uile an Aontais.

    b. i gcomhar leis na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, bearta a thabhairt isteach chun tionscnaimh de chuid an Aontais, tionscnaimh náisiúnta agus tionscnaimh réigiúnacha a chomhordú chun tallann a mhealladh nó a choinneáil agus chun feabhas a chur ar a n-acmhainneachtaí T&N.

c. i gcomhar leis na Ballstáit, an comhordú idir T&N agus beartais ábhartha eile a mhéadú, go háirithe na beartais dhigiteacha agus thionsclaíocha, chun díriú ar bharr feabhais agus ar thionchar, agus chun tacú leis an nuálaíocht chlaochlaitheach agus le slabhraí luacha tionsclaíocha nuálacha agus chun moil nuálaíochta a shlógadh.

d. i gcomhar leis na Ballstáit, beartais T&N atá fianaisebhunaithe a shainaithint agus a chur chun cinn, d'fhonn díriú ar dhúshláin agus riachtanais shonracha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena rannchuidítear le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta.

e. i gcomhar leis na Ballstáit, an comhar idir an tAontas agus tríú tíortha a neartú i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, trí mheán gníomhaíochtaí sonracha a thacaíonn le héiceachórais idirnáisiúnta T&N faoi chuimsiú Global Gateway an Aontais de chuid an Choimisiúin agus an Chur Chuige Dhomhanda i leith T&N. Go háirithe, an comhar le Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh a neartú, i gcomhthéacs an chruinnithe mullaigh idir Cinn Stáit agus Cinn Rialtais an Aontais Eorpaigh agus CELAC.

## III. <u>Tionchar beartais na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ar phríomhchuspóirí an Aontais maidir le beartas T&N agus LET</u>

24. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá athchóirithe agus infheistíochtaí faoin tSaoráid mar bhealach chun feabhas a chur go háirithe ar athléimneacht, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, acmhainneacht choigeartaithe agus acmhainneacht fáis na mBallstát, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le huathriail straitéiseach an Aontais in éineacht le geilleagar oscailte agus breisluach Eorpach a ghiniúint chomh maith le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn. Tá sé d'acmhainn ag bearta T&N arna gcistiú ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta rannchuidiú le héiceachóras T&N na hEorpa a chlaochlú tríd an méid seo a leanas:

a. athchóirithe inbhuanaithe agus infheistíochtaí poiblí gaolmhara ar an leibhéal náisiúnta, agus go leor Ballstát ag díriú cion suntasach dá n-infheistíochtaí agus dá n-athchóirithe STA ar T&N, agus é mar aidhm acu tionchar sóisialta sistéamach agus athruithe a bhaint amach mar spreagadh do gheilleagar eolasbhunaithe.

b. LET éagsúil, feabhas-tiomáinte agus dea-fheidhmiúil a thógáil, a bheidh dírithe ar réitigh a aimsiú chun tosaíochtaí an Aontais agus tosaíochtaí náisiúnta mar shampla an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha shuntasacha eile.

25. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi a bhfuil roinnt infheistíochtaí chun sineirgí a chomhlánú, a neartú agus a bhunú curtha san áireamh ag na Ballstáit, i gcásanna áirithe, nuair ab fhéidir sin, ag céim deartha a ngníomhaíochtaí STA, lena n-áirítear breisíocht na Saoráide le cistí eile de chuid an Aontais agus le hionstraimí agus gníomhaíochtaí traidisiúnta T&N a fhaightear i gcistí náisiúnta agus Eorpacha T&N.

26. LEAGANN SÍ BÉIM ar a lárnaí don STA atá an tréimhse deartha, cistithe agus cur chun feidhme atá teoranta ó thaobh ama, agus a lárnaí atá na rialacha maidir le breisíocht agus comhlántacht cistí lenar cuireadh ar chumas na mBallstát gníomhú maidir le tosaíochtaí náisiúnta agus Eorpacha. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi a gceadaítear, leis an Rialachán STA, sineirgí a bhunú le cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. MEABHRAÍONN SÍ gur mórdhúshlán agus deis fós iad sineirgí idir cláir cistiúcháin T&N an Aontais, náisiúnta agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil cláir réigiúnacha, chun bunúis eolaíocha agus teicneolaíocha na hEorpa a neartú. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha agus IARRANN SÍ orthu leanúint den obair sin.

27. MEABHRAÍONN SÍ an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, Creatchlár T&N an Aontais agus ag ionstraimí beartais comhtháthaithe chun tacú leis an LET nua. AITHNÍONN SÍ gur leithdháil na Ballstáit cistiú STA i roinnt cásanna ar ghníomhaíochtaí i mbeartais T&N ar féidir leo tacú le cuid de thosaíochtaí an LET nua, mar shampla an méid seo a leanas:

a. cur chun cinn comhionannais inscne i T&N. LEAGANN SÍ BÉIM ar ar an gcaoi a bhfuil bearta príomhshruthaithe inscne curtha isteach ag roinnt Ballstát - mar shampla tuilleadh clár chun tacú le fiontraithe ban agus a bhforbairt ghairmiúil agus chun tallann baineann a mhealladh chuig gairmeacha i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice - chomh maith le gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar an mbearna insnce i T&N.

b. cur chun cinn comhtháthaithe chríochaigh i T&N. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi a bhfuil bearta curtha isteach ag roinnt Ballstát ar beata iad chun éiceachórais náisiúnta agus réigiúnacha T&N agus comhtháthú críochach a neartú, agus chun comhordú agus córais rialachais níos fearr a éascú i measc na gcomhlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha.

**Gníomhaíochtaí amach anseo**

28. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil meastóireacht mheántéarma á déanamh ag an gCoimisiún ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus cuirfear torthaí na meastóireachta ar fáil faoi mhí Feabhra 2024. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún staidéar ar leith a dhéanamh lena gcomhlánófar an mheastóireacht sin, agus aon dúbláil á seachaint ag an am céanna, díríonn sí ar na gníomhaíochtaí T&N a áirítear sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun tacú le foghlaim beartais, agus cuireann sí san áireamh freisin na difríochtaí deartha idir STA agus cistí eile de chuid an Aontais maidir leis an méid seo a leanas:

a. an rannchuidiú leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach a chothú, agus, i gcás inarb iomchuí, éagothromaíochtaí T&N a laghdú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta agus comhionannas inscne a chur chun cinn.

b. an rannchuidiú le córais náisiúnta T&N a neartú.

c. rannchuidiú bhearta T&N na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta le Clár Oibre Beartais LET agus an Clár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht a chur chun cinn.

d. a mhéid a bhain na Ballstáit leas as sineirgí idir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais i ngníomhaíochtaí beartais T&N agus gníomhaíochtaí beartais earnálaigh ina bhfuil ról suntasach ag an eolaíocht agus ag an teicneolaíocht, lena sainaithnítear na hionstraimí agus na sásraí a cuireadh chun feidhme agus na bacainní a chuir bac ar an meascán d'fhoinsí éagsúla, chomh maith le doiciméadú a dhéanamh ar dhea-chleachtais chun foghlaim fhrithpháirteach a éascú.

29. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas faoi thorthaí an staidéir sin le haghaidh forbairtí beartais T&N amach anseo ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta agus faoi thorthaí na meastóireachta meántéarma ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. MEABHRAÍONN SÍ le huirlisí reatha an Choimisiúin, mar shampla an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus an tSaoráid Tacaíochta Beartais Físe, go bhféadfar cabhrú chun na hathchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme.